Lá Fhéile Pádraig

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi pharáid na Féile Pádraig ar an gCeathrú Rua. Sula bhféachann tú ar an mír, déan cur síos don duine in aice leat ar a ndearna tú féin Lá Fhéile Pádraig.

Ceist 2 Cad is brí leis na focail agus na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

1. na sluaite
2. do pharáid mhór ár naoimh náisiúnta
3. éagsúlacht mhór
4. cruthaíocht
5. samhlaíocht
6. seanchara an cheantair
7. bhí lúth na gcos ag na mumaithe
8. suáilceas
9. róthógtha
10. ar bís
11. nathair nimhe

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí leis an teagascóir iad.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus ansin déan cur síos don duine in aice leat ar na flótaí ar fad a bhí ar an gCeathrú Rua.

Ceist 4 '…seanchara' agus '…róthógtha…;

Mínigh na rialacha a bhaineann leis na réimíreanna *sean-* agus *ró-*. Bain úsáid as samplaí.

Ceist 5 Féach ar na focail seo thíos. Bhí a gcomhchiallaigh sa mhír. Cad iad?

plóid
ilghnéitheacht
na páistí
suairceas
thar barr
grúpa daoine
ní mór dom

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú faoi Lá Fhéile Pádraig go ginearálta?
2. An bhfuil dea-chlú ar mhuintir na hÉireann thar lear, dar leat?
3. Cén fáth a mbíonn daoine ar fud an domhain ag ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

1. na sluaite – *the crowds*
2. do pharáid mhór ár naoimh náisiúnta – *for our national Saint's big parade*
3. éagsúlacht mhór – *a great variety*
4. cruthaíocht – *creativity*
5. samhlaíocht – *imagination*
6. seanchara an cheantair – *the area's old friend*
7. bhí lúth na gcos ag na mumaithe – *the mummies were fast on their feet*
8. suáilceas – *pleasantness*
9. róthógtha – *too taken*
10. ar bís – *impatient*
11. nathair nimhe – *poisonous snake*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

sean-

- ✓ Cuirtear *sean-* roimh an ainmfhocal agus séimhítear an t-ainmfhocal más féidir: *seanmháthair*
- ✓ Ní shéimhítear ainmfhocal a thosaíonn le ***d***, ***s*** ná ***t*** tar éis *sean-*: *seanduine*
- ✓ Ní bhíonn fleiscín tar éis *sean-* de ghnáth, ach amháin má thosaíonn an focal a leanann é le ***n***: sean-nós

ró-

- ✓ Séimhítear ainmfhocal a thosaíonn le consan tar éis *ró-* agus ní bhíonn aon fhleiscín i gceist: *róthinn, rómhór*
- ✓ Bíonn fleiscín tar éis ró- má thosaíonn an t-ainmfhocal a leanann é le guta: ró-óg

Ceist 5

plóid – sluaite
ilghnéitheacht – éagsúlacht
na páistí – na gasúir
suairceas – suáilceas
thar barr – thar cionn
grúpa daoine – *dream*
ní mór dom – caithfidh mé

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Baile Gaeltachta eile ar bhailigh na sluaite inniu ann do pharáid mhór ár naoimh náisiúnta ba ea an Cheathrú Rua i gContae na Gaillimhe. Bhí éagsúlacht mhór téamaí sna flótannaí[1] i mbliana.

Bhí cruthaíocht agus samhlaíocht á léiriú ag pobal na Ceathrún Rua ina gcuid téamaí inniu. Idir Faró na hÉigipte agus seanchara an cheantair, Walt Disney.

“Bhí Faró agus bhí sé caillte ó bhí na mílte bliain ann *so* tá sé teacht ar an saol inniu. Beidh sé sin thuas ar an *float*[2] agus seo iad na hÉigiptigh bheaga[3] ar fad atá ag teacht i mo dhiaidh, na mumaithe[4] agus na hÉigiptigh bheaga.”

“Tá an chlann uilig … is breá leo … na gasúir, is breá leo Disney. Agus tá *Elsa* agus *Frozen* go mór i mbliana agus tá *float* maith againn.”

Agus bhí lúth na gcos ag na mumaithe freisin. Agus bhí an suáilceas níos giorra den bhaile le brath freisin, cé nach dócha go mbeadh Pádraig féin róthógtha le cuid díobh, gan trácht ar údaráis an lae inniu, ar ndóigh. Ba léir an slua a bheith sásta.

‘Féach tá rudaí mar sin ann agus tá *Minnie Mouse* agus *Micky Mouse* ann.”

“Bhí sé thar cionn agus tá muid buíoch den dream a d’eagraigh é, tá sé go hálainn ag na gasúir. “

Ach, bhí Pádraig féin ar bís ar thóir nathair[5] nimhe a d’éalaigh air.

“Tá ceann amháin thiar ansin agus caithfidh mé fáil réidh léi ar ball, ach dúradh liom éisteacht léi[6] go mbeadh an pharáid thart.”

Lá mór eile a mbeidh cuimhne ag pobal Gaeltachta air.

[1] *flótaí* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *flóta* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *beaga* a deirtear
[4] *mummies* a deirtear
[5] *nathrach* a deirtear
[6] *éisteacht léi* = gan cur isteach uirthi